## Eolas do Scoileanna

chun cabhrú le freagairt atá faoi threoir sláinte maidir le húsáid drugaí agus alcóil ag daoine óga

# LÍONRA NÁISIÚNTA NA dTASCFHÓRSAÍ DRUGAÍ AGUS ALCÓIL (DATFANNA)




## Ag Laghdú an Dochair
## Ag Tacú le Téarnamh

Freagairt atá faoi threoir sláinte maidir le húsáid drugaí agus alcóil in Éirinn 2017-2025

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Eolas do Scoileanna

**Cuireann DATFanna leibhéil éagsúla tacaíochta ar fáil do scoileanna maidir le hoideachas um úsáid substaintí. Is féidir le scoileanna leas a bhaint as na tacaíochtaí sin, fad agus a leanann siad forálacha ciorcláin 0042/2018 agus 0043/2018 ón Roinn Oideachais agus Óige maidir le húsáid éascaitheoirí seachtracha.**

Braitheann na leibhéil tacaíochta ar riachtanais na ndaoine óga i do scoil. Tá an tacaíocht sa réimse ó bhileoga eolais ísealdéine agus naisc ghréasáin go dtí oiliúint saincheaptha ard-déine agus ceardlanna ionscoile do thuismitheoirí. Is féidir le do scoil teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an DATF cuí chun an leibhéal agus an cineál tacaíochtaí is féidir a sholáthar a fháil amach. Cuirtear achoimre ar an roghanna i láthair thíos.

## 1. Forbairt Acmhainne do mhúinteoirí

**Leibhéal 1:** eolas & comhairle

**Leibhéal 2:** scaipeadh acmhainní bunaithe ar fhianaise agus comhairle ar an bhfón, i gcruinnithe, agus trí r íomhfhoghlaim

**Leibhéal 3:** Soláthar/modúil ghearra oiliúna ionscoile

**Leibhéal 4:** oiliúint shaincheaptha do mhúinteoirí

## 2. Forbairt Acmhainne do Thuismitheoirí

**Leibhéal 1:** eolas & comhairle

**Leibhéal 2:** scaipeadhacmhainní bunaithear fhianaise agus comhairle ar an bhfíón, i gcruinnitheagus trí ríomhfhoghlaim

**Leibhéal 3:** ceardlanna scoile aon uaire do thuismitheoirí

**Leibhéal 4:** Seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus ceardlanna saincheaptha

## 3. Úsáid Substaintí CúnamhPolasaí

**Leibhéal 1:** eolas & comhairle

**Leibhéal 2:** cruinniú agus ríomhchúnamh um athfhorbairt polasaí teimpléid san áireamh

**Leibhéal 3:** ceardlanna le bainistíocht scoile chun polasaí saincheaptha a fhorbairt ag teacht le treoir náisiúnta

## 4. Treoracha & tacaíochtaí

**Leibhéal 1:** eolas & comhairle

**Leibhéal 2:** uimhreacha teagmhála d'athtreoruithe agus eolas ar phróiseas

**Leibhéal 3:** Atreoruithe díreacha chuig seirbhísí do scoláirí atá ag streachailt le húsáid substaintí

# Príomhacmhainní Eile do Scoileanna agus Tuismitheoirí



**Bí ar an eolas – acmhainn alcóil agusdrugaído scoláirí na SraitheSinsearaí**
Is é Bí ar an Eolas an chéad acmhainn náisiúnta atá bunaithe ar fhianaise i dtaca le halcól agus drugaí do scoláirí na sraithe sinsearaí (idir 15 bliana agus 18 mbliana d'aois) agus forbraíodh é mar chomhpháirtíocht idir gairmithe sláinte agus oideachais. Cuireann an acmhainn daoine óga i mbun plé faoi thopaicí lena náirítear iniúchadh a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le halcól agus drugaí. Tá lámhleabhar múinteoirí, físeáin agus acmhainní eile san áireamh ann Tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin chun tuilleadh eolais a fháil
**www.hse.ie/knowthescore**

**Alcól agus Drugaí: Treoir do Thuismitheoirí**
Soláthraíonn acmhainn bunaithe ar fhianaise comhairle phraiticiúil chun cabhrú le tuismitheoirí dul i mbun plé le déagóirí faoi alcól agus drugaí **www2.hse.ie/living-well/alcohol/information-parents/**

**Ciorclán Uimh. 0042/2018 agus 0043/2018 ón Roinn Oideachais agus Óige**
Treoir dea-chleachtas do bhunsoileanna agus d'iar-bhunscoileanna maidir le cláir agus/nó éascaitheoirí seachtracha a úsáid chun an fholláine a chur chun cinn ag teacht le Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne.
**https://circulars.gov.ie/pdf/circular/education/2018/43.pdf**
**https://circulars.gov.ie/pdf/circular/education/2018/42.pdf**

**Suíomh gréasáin Drugs.ie: Acmhainn náisiúnta eolais faoi dhrugaí agus alcól**
Suíomh gréasáin atá á bhainistiú ag FSS a thugann eolas faoi dhrugaí agus seirbhísí do dhuine ar bith a dteastaíonn sé uaidh/uaithi, lena n-áirítear scoileanna, tuismitheoirí agus daoine óga agus é ar fáil ag **www.drugs.ie**

**Líne Chabhrach Náisiúnta FSS um Dhrugaí agus Alcól**
Líne Chabhrach FSS a sholáthraíonn eolas, comhairle agus treoracha maidir le drugaí agus alcól. **Glaoigh ar 1800 459 459 nó seol ríomhphost chuighelpline@hse.ie**

**Dea-chleachtas Eorpach maidir le cosc agus oideachas i scoileanna**
Tugtar forléargas sa choimre eolais seo ar pholasaí agus ar chleachtas ar na príomhcheisteanna, roghanna freagartha, fianaise agus impleachtaí do pholasaí agus don chleachtas i dtíortha na hEorpa.
**www.euda.europa.eu/publications/manuals/european-prevention-curriculum_en**

# TEAGMHÁLAITHE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA NA DTASCFHÓRSAÍ DRUGAÍ AGUS ALCÓIL

| BAILE ÁTHA CLIATH THEAS: | Teagmháil | Suíomh Gréasáin |
|---|---|---|
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Bhaile Formaid | T: 087 148 6080 | www.ballyfermotldatf.ie |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Phobail na Canála | T: 086 384 5542 | www.ccldatf.ie |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Chluain Dolcáin | T: 01 457 9445 | www.clondalkindrugstaskforce.ie |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Bhaile Átha Cliath 12 | T: 07669 55657 | www.dublin12ldatf.ie |
| Tascfhórsa Drugaí Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | T: 086 107 1747 | www.dlrdatf.ie |
| Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil na Lárchathrach Theas | R: sicdatf@gmail.com | www.facebook.com/sicldatf |
| Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta | T: 087 239 5581 | www.tallaghtdatf.ie |
| **BAILE ÁTHA CLIATH THUAIDH:** | | |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí Bhaile Munna | T: 01 883 2142 | www.ballymunlocaldrugstaskforce.ie |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Bhaile Bhlainséir | T: 01 824 9590 | www.blanchardstowndrugstaskforce.ie |
| Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Bhaile Átha Thoir Thuaidh | T: 087 720 9767 | www.dnetaskforce.ie |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Fhionnghlaise/na Cabraí | T: 01 830 7440 | www.finglascabraldtf.ie |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil Bhaile Átha Cliath Thuaidh | T: 01 223 3493 | www.ndublinrdtf.ie |
| Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil na Lárchathrach Thuaidh | T: 087 175 2121 | www.nicdatf.ie |
| **AN CEANTAR THIAR THEAS:** Cill Dara, Iarthar Chill Mhantáin | | |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Cheantair Thiar Theas | T: 045 875111 | www.surfonline.ie |
| **AN CÓSTA THOIR:** Cill Mhantáin Thoir, Baile Átha Cliath Thoir Theas | | |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Chósta Thoir | T: 01 2744132 | www.ecrdatf.ie |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Bhré | R: brayldtf@gmail.com | www.braytaskforce.com |
| **LÁR TÍRE:** Laois, an Longfort, Uíbh Fhailí agus an Iarmhí | | |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil Lár Tíre | T: 090 648 3108 | www.mrdatf.ie |
| **AN tIARTHAR:** Gaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin | | |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil Cheantar an Iarthair | T: 091 480 044 | www.wrdatf.ie |
| **AN MEÁN-IARTHAR:** An Clár, Luimneach, Cathair Luimnigh agus Tiobraid Árann Thuaidh | | |
| Fóram Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Mheán-Iarthair | T: 061 607 242 | www.mwrdtf.ie |
| **AN tOIRTHUAISCEART:** An Cabhán, Lú, an Mhí agus Muineachán | | |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Oir-Thuaiscirt | T: 087 122 7087 | www.nedrugtaskforce.ie |
| **An tIARTHUAISCEART:** Dún na nGall, Liatroim agus Sligeach | | |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Iarthuaiscirt | T: 087 0007727 | www.nwdrugtaskforce.ie |
| **AN tOIRDHEISCEART:** Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge, Loch Garman | | |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Oirdheiscirt | T: 051 848863 | www.serdatf.ie |
| **AN DEISCEART:** Corcaigh agus Ciarraí | | |
| Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Deiscirt | T: 021 493 0100 | www.srdatf.ie |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Chorcaí | T: 021 493 0100 | www.corkdrugandalcohol.ie |

**Tabhair do d'aire nach féidir leis na Tascfhórsaí go léir gach seirbhís a sholáthar**